Bord Fiontar
Contae Chill Chainnigh Teo







# Tuarascáil Bhliantúil & Ráitis Airgeadais 2010

Ireland's EU Structural Funds Programmes 2007 - 2013
Co-funded by the Irish Government and the European Union
Investing in Your Future

EUROPEAN REGIONAL DEVELOPMENT FUND

42 Sráid na Parlaiminte, Cill Chainnigh
T: 056 7752662
E: enquiries@kceb.ie
W: www.kceb.ie

Kilkenny County Enterprise Board | Bord Fiontar Contae Chill Chainnigh

# Clár


Comhaltas an Bhoird agus Eolas Ginearálta 3

Liosta Figiúirí & Táblaí 4

Aitheasc an Chathaoirlig 5

Tuairisc na Stiúrthóirí 6

Beart 1: Idirghabháil Roghnach Airgeadais

Tionscadail Faofa 6
Stádas Tionsacadal ag deireadh na Bliana 6
Profile of Approvals 7
Jobanna Cuidithe 7
Sampla deThionscadail ar Faofadh Cuidiú Airgeadais Dóibh i 2010 8

Beart 2: Forbairt & Inniúlacht Fiontraíochta

Achoimre 10
Oiliúint Fiontraíochta & Cláir Forbartha Bainistíochta 10
Dámhachtainí Fiontraíochta Scoláirí 10
Lá Fiontraíochta 11
Comhdháil Mhná Gnó an Oirdheiscirt 11
Tacaí Meantóireachta & Speisialtóra 11
Dámhachtainí Náisiúnta Fiontraíochta 11

Riarachán 12

Cairt Cliaint 14

Ráiteas faoi Dhualgais Stiúrthóirí 15

Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste 16

Ráiteas faoi Rialúcháin Inmheánacha Airgeadais 18

Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta 19

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais 20

Clár Comhardaithe 21

Nótaí ar na Ráitis Airgeadais 22

Aguisín 27

# Comhaltas An Bhoird Agus Eolas Ginearálta

**Mar atá ar 31ú Nollaig 2010**

**Comhaltaí Boird:**

Mr. Joe Crockett, Cathaoirleach
An Clr. Tom Maher
An Clr. Martin Brett
An Clr. Andrew McGuinness
An Clr. Ann Phelan
Mr. Phil Funchion
Ms. Alison McGrath
Ms. Yvonne Moriarty
Mr. Declan Rice
Mr. Martin Doyle
Ms. Margaret Lovatt
Mr. James Healy
Ms. Kathleen Moran
Ms. Trish Finegan

**Príomhfheidhmeannach & Rúnaí Cuideachta:**

Mr. Sean McKeown

**Anailísí Gnó:**

Ms. Fiona Deegan

**Comhairleoir Gnó:**

Ms. Catherine Hennessy

**Riarthóir Oifige:**

Ms. Ailish Scott

**Oifig Chláraithe:**

42 Sráid na Parlaiminte, Cill Chainnigh

**Iniúchóirí:**

An tArd-Reachtaire Cuntas & Ciste, Áras an Státchiste,
Caisleáin Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2.

**Baincéirí:**

Banc na hÉireann, Sráid na Parlaiminte, Cill Chainnigh.

**Aturnaetha:**

James Harte & Son, 39 Sráid na Parlaiminte, Cill Chainnigh.

**Uimh. Cuideachta:** 231759

# Liosta Figiúirí & Táblaí


| Figiúirí | Leathanach |
|---|---|
| Figiúir 1: Dáileadh Deontas Faofa i 2010 de réir Cineál Deontais | 6 |
| Figiúir 2: Stádas na dTionscadal Faofa ag Deireadh na Bliana | 6 |
| Figiúir 3: Dáileadh Rannógach na dTionscadal Faofa i 2010 | 7 |

**Táblaí**

| | |
|---|---|
| Tábla 1: Poist ar chuidigh an Bord leo i 1993-2010 | 7 |
| Tábla 2: Oiliúint Fiontraíochta & Achoimre ar Fhorbairt Bainistíochta, 2010 | 10 |
| Tábla 3: Saintacaí Speisialta i 2010 | 11 |

# Aitheasc an Chathaoirligh




Is ábhar mór áthais dom an tuarascáil bhliantúil seo a chur i láthair, mar aon le hachoimre ar na himeachtaí a bhí ar bun ag BFC Chill Chainnigh i 2010. Leanann an t-éileamh ar sheirbhísí tacaíochta, leis na próifílí cliaint roinnte go príomha, ar láimh amhain, ar an líon méadaithe daoine atá ag smaoineamh anois ar fhéinfhostaíocht agus a bhfuil cuidiú uathu chun smaoineamh gnó a fhorbairt, go húineirí-bainisteoirí breise a iarann cuidiú chun na dúshláin agus fadhbanna éagsúla atá rompu sa timpeallacht eacnamaíochta reatha a shárú.

Sholáthraigh an Bord tuilleadh seisiún comhairleach gnó arís i mbliana (ag 365). Thairis sin, mhéadaigh an líon ndaoine a chríochnaigh an Oiliúint i dTosú do Ghnó Féin (TDGF) (go 87), ionas go raibh ar an mBord Clár breise a sholáthar chun freastal ar an éileamh méadaithe. Tugann na Cláir TGDF réamheolas do chomhpháirtithe ar phríomhcheisteanna a éiríonn nuair a thionscnaítear agus a reachtáiltear gnó, ó thaighde agus pleanáil don smaoineamh go forbairt straitéise díolacháin agus ullmhú an teilgin airgeadais. Tháinig laghdú beag (go 505), i gcomparáid le 2009, ar an líon a ghlac páirt in oiliúint fiontraíochta, cláir forbartha bainistíochta, seimineáir agus na ceardlanna gnó a d'eagraigh agus a sheachaid an Bord. Is féidir seo a pháirtmhíniú de bharr an chúnaimh phráinnigh a iarrann cliaint a thagann os comhair an Bhoird go minic anois, ag éileamh athrú go cúnamh meantóireachta. Le fírinne, bhí an líon a bhain leas as seirbhís meantóireachta an Bhoird (ag 393) arís ag an leibhéal sách ard a bhí ann anuraidh. Is éileamh leanúnach é seo ó úinéirí-bainisteoirí a bhfuil cúnamh uathu a chabhródh leo fadhbanna a shárú atá ina gcontúirt mharthana, féin, dóibh. Ina fhianaise seo, rinne an Bord athbhreithniú uileghabhálach ar sheirbhísí taca, Beart 2, a chuimsigh líon áirithe ceardlanna idir foireann BFC, teagascóirí, cliaint agus páirtithe leasmhara eile. Tabharfaidh an t-aiseolas a fuarthas cuidiú don Bhord roinnt cur chuige nua a fhorbairt d'fhonn a chinntiú go mbeidh na tacaí i gcónaí spriocdhírithe agus freagrach do riachtanais na gcliant.

I 2010, cuireadh srian le cumas an Bhoird cúnamh airgid a fhaomhadh, leis an ngearradh siar ar Vóta Caipitiúil na Roinne, go háirithe. Dá ainneoin seo, d'fhaomhaigh an Bord thar 476,000 do 25 gnólacht. Ba ghnólachtaí nuathionscanta 16 acusan a faomhadh, agus ba mhéaduithe an 9 eile. Tá cumas ag na tionscadail seo le chéile 48 post cóibhéiseach lánaimseartha breise a chruthú nuair a bheidh siad lánfheidhmiúil. Tugann seo go 1,237 líon iomlán na bpost a fuair cuidiu ón mBord ó bunaíodh é i 1993. D'fhaomhaigh an Bord circa 71,000 breise do 3 tionscadal gnó a chuir oibrithe iomarcacha Waterford Crystal chun cinn faoi Chiste Domhanda na hEorpa (CDE). Lean an Bord, freisin, dá chomhpháirtíocht (a thosaigh i 2009) le Comhar Creidmheasa Nmh. Cainneach Chill Chainnigh, chun an Scéim Iasacht Tacaíochta do Ghnóthais Bheaga a chothú agus a sheachadadh. I 2010, tugadh cúnamh do 14 gnóthas breise, le hiasachtaí arbh fhiú circa 400,000 iad. Theip ar an-chuid de na tionscadail seo iasachtaí airgid a fháil ó na bainc phríomhshrutha.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhbhaill ar an mBord as a ndiongbháilteacht leanúnach i leith obair an Bhoird. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil, freisin, le baill an Choiste Measúnaithe as críochnúlacht agus éifeacht a mbreithmheasa ar thionscadail; leis an Aire agus le hoifigigh a Roinne; le foireann Lár-Aonad Comhordaithe BFC as a gcomhairle agus a dtreoir; agus leis an bPríomh-Fheidhmeannach agus a fhoireann as a ndúthracht oibre agus a ndíogras i rith na bliana. Cé go mbeidh an bóthar romhainn dúshlánach i gcónaí, leanfaidh an Bord dá iarrachtaí freastal ar riachtanais na bhfiontraithe ar fud Chill Chainnigh atá reatha nó beartaithe.



**Mr. Joe Crockett**
Cathaoirleach

# Tuairisc na Stiúrthóirí


1ú Eanáir, 2010 go 31ú Nollaig, 2010

**BEART 1: Idirghabháil Roghnach Airgeadais**

**Iarratais Faighte**

Breithníodh 27 iarratas ar chúnamh airgid i 2010, faomhadh 25 (nó 93%) acu seo, agus iarchuireadh cinneadh ar 2 tionscadal go dtí go mbeadh eolas breise ar fáil ó na tionscnóirí. Gealladh cúnamh airgid de €476,271 in iomlán don 25 tionscadal a faomhadh. Thug an Bord isteach ionstraimí nua airgeadais a d'fhaomhaigh an Roinn, le héifeacht ó 1ú Eanáir 2010. Ba Dheontais Phríméala iad seo (dírithe ar nuathionscadail a bhí ag trádáil le níos lú ná 18 mí), Deontais Méadaithe Gnó (dírithe ar ghnóthais bunaithe le níos mó ná 18 mí) agus Deontais Féidearthachta / Nuálaíochta (féach Aguisín 1 le haghaidh eolais breise). Léiríonn Figiúr 1 dáileadh an chúnaimh airgid a faomhadh i 2010, idir cineálacha éagsúla deontais.


**Figiúr 1: Dáileadh na nDeontas a Faomhadh i 2010 de reir Cineáil Deontais**




**Stádas na dTionscadal ag Deireadh Bliana**

Ag an 31 Nollaig 2010 bhí stádas na dtionscadal mar a leanas: lánchríochnaíodh 2 tionscadal; tosaíodh 7 tionscadal agus páirtíocadh iad; aisghlacadh 6 tionscadal agus dígheallадh iad (go príomha toisc gur shocraigh tionscnóirí gan a dtionscadal a chur chun cinn); agus bhí tús le cur fós leis an 10 tionscadal eile (Figiúr 2). Bhain ceithre cinn de na tionscadail dígheallta le tionscadail ar faomhadh Deontas Féidearthachta / Nuálachtaí dóibh. Fuair an 19 'beo-thionscadal' deontais fhaofa de €362,770. Ní mór don Bhord sprioc a shroichint de 30% ar a laghad den chúnamh deontais faofa a bheith i bhfoirm cúnaimh in-aisíoctha. Maidir le seo, tá €115,908 (nó circa 32%) den chúnamh deontais a faomhadh i 2010 in-aisíoctha. Rinne an Bord íocaíochtaí de €252,228 in iomlán i 2010. Cuimsíonn an caiteachas seo Deontais Caipitil de €88,866, Deontais Fostaíochta de €53,099, Deontais Féidearthachta / Nuálaíochta de €30,000 agus Deontais In-aisíoctha de €80,261.


**Figure 2: Stádas na dTionscadal Faofa ag Deireadh na Bliana**



## Próifílí na dTionscadal Faofa

Tá dáileadh earnálach an 19 'beo-thionscadal' a faomhadh i 2010 mar a leanas: is oibríochtaí déantúsaíochta 8 acu; tá d'acmhainn ag 7 bheith ina Seirbhísí a Thrádáiltear go hIdirnáisiúnta (STI); tionscadail turasóireachta 3 acu; agus is seirbhís áitiúil 1 ceann amháin. Léirítear dáileadh na ndeontas idir earnálacha i bhFigiúr 3. Tá 13 (nó 68%) de na tionscadail á gcur chun cinn ag fir; 3 ag mná; agus 3 ag comhpháirtíochtaí fir & mná. Is nua-thionscnaimh iad 12 (nó 63%) de na tionscadail a fuair tacaíocht, agus baineann an 7 eile le méadú gnóthas a bhí ann cheana.

**Figiúr 3: Dáileadh Earnálach na dTionscadai a Faomhadh i 2010**




## Poist a Fuair Cúnamh

Tá sé d'acmhainn ag an 19 'beo-thionscadal' a faomhadh le linn 2010, 48 post coibhéiseach lánaimseartha breise a chruthú nuair a bheidh siad lánfheidhmiúil (lasmuigh den líon post a choinneofar sna gnóthais reatha a fuair cúnamh). Is ionann sin agus líon iomlán na bpost a fuair cúnamh ón mBord ó bunaíodh é i 1993 a mhéadú go 1,237, ar chostas de thart ar €6,541 an post (Tábla 1.) Méadaíodh na deontais a d'fhaomhaigh an Bord idir 1993 agus 2010 go €8,092,218, faoi dheireadh na bliana.

**Tábla 1: Poist a chruthaigh an Bord 1993-2010**

| Bliain | Líon na bpost a Cruthaíodh* | (€) Tionscadail Faofa | (€) Costas in Aghaidh Poist |
|---|---|---|---|
| 1993-1995 | 114 | 1,202,954 | 10,552 |
| 1996 | 80 | 423,089 | 5,289 |
| 1997 | 126 | 480,346 | 3,812 |
| 1998 | 103 | 457,160 | 4,438 |
| 1999 | 88 | 407,587 | 4,632 |
| 2000 | 82 | 405,731 | 4,948 |
| 2001 | 97 | 750,072 | 7,733 |
| 2002 | 74 | 447,927 | 6,053 |
| 2003 | 43 | 285,288 | 6,635 |
| 2004 | 60 | 341,100 | 5,685 |
| 2005 | 60 | 466,473 | 7,774 |
| 2006 | 58 | 425,370 | 7,334 |
| 2007 | 68 | 366,569 | 5,391 |
| 2008 | 78 | 587,853 | 7,536 |
| 2009 | 58 | 568,429 | 9,972 |
| 2010 | 48 | 476,271 | 9,922 |
| **Iomláin** | **1,237** | **8,092,219** | **6,541** |

*** Postchoibhéisí lánaimseartha, nuair is ionann 2 post P/A agus 1 post L/A.**

# Sampla de Thionscadail ar Faomhadh Cúnamh Airgid Dóibh i 2010



## Paragon Business Systems Ltd.

Déanann Paragon Business Systems Ltd spisialtóireacht i réitigh rialaithe gnóbhunaithe TF a sholáthar do thionscal an fháilteachais. Is iad príomhaithe na cuideachta, Anselm Molloy, Stiúrthóir Bainistíochta, agus Martin Nunan, Stiúrthóir Tráchtála, agus tá na blianta taithí acu araon ar earnáil na fóillíochta agus an fháilteachais. Tá raon táirgí bogábhair agus crua-ábhair forbartha ag Paragon ó thosaigh siad ag trádáil i 1994, agus is iad an príomhsholáthróir na Electronic Point of Sale (EPOS) Solutions agus na gCóras Bainistíochta Óstáin comhtháite d'earnáil an fháilteachais, le breis agus 300 cliant acu in oileán na hÉireann amháin. Le blianta beaga, chuir an comhlacht suiteálacha i gcrích, freisin, sa Spáinn, i Shanghai agus i Nua-Eabhrach. Bhain Paragon amach cearta dáiliúcháin san Eoraip do raon réiteach Volante le haghaidh TF Fáilteachais agus lónadóireachta, agus le déanaí tá comhlacht Clarity Commerce Solutions na RA gnóthaithe acu. Ghnóthaigh an éadáil seo 140 client breise do Paragon sa RA, rud a chuir ar chumas na hoifige i gCill Chainnigh ardchaighdeán seirbhís custaiméara a bheith acu 24/7, chomh maith le poist áitiúla a choinneáil. Fostaíonn an chuideachta 10-niúr faoi láthair. Fuair Paragon Deontas Féidearthachta / Nuálaíochta i 2010 ón BFC chun cuidiú leo measúnú a dhéanamh ar a gcumas feidhm bogábhair a fhorbairt do iPod agus do chórais ordúcháin láimhe eile.



## Envirotherm Insulation Systems Ltd.

Bhunaigh foireann athar is iníne, Patrick agus Siobhán Holden, Envirotherm Insulation Systems Ltd i 2010. Sainfheidhmíonn an chuideachta i ndéanamh ábhair Polaistiréine Forbartha (EPS), a úsáidtear in insliú feirbíní nasctha. Téitear, suaitear agus instealltar an t-ábhar seo i gcuasbhallaí le gníomhaí nasctha, ag laghdú na cailliúna teasa agus an chostais breosla go cainníochtúil. I 2009, i bhfianaise maolú ar earnáil na tógála, thionscain an Rialtas Scéim Choigilte Fuinnimh Tí (HES). Tairgeann an Scéim cúnamh do dhaoine atá ag iarraidh ionaid réadmhaoine a aisfheistiú le hinsliú ballaí agus áiléir, i gcomhar le huasghrádú córas téimh. Tuartar go nglacfaidh aisfheistiú foirgintí reatha na hÉireann 12 bliana ar a laghad. Bunaíodh Envirotherm i gCill Chainnigh chun an t-éileamh seo a fhreastal i réigiúin oirdheisceart agus dheisceart Laighean. Tá sé i gceist, freisin, go bhfeidhmeoidh an tsaoráid seo mar lárionad oiliúna, dírithe ar dhearadh agus ar thógáil atá fuinneamh-éifeachtach. Fuair Envirotherm cúnamh airgid ó BFC i bhfoirm Deontais Phríomeála i Meán Fómhair 2010, chun cabhrú leo an tsaoráid tógála a bhunú.



## Rimach Engineering Ltd.

Bhunaigh comhpháirtíocht fir agus mná céile, Seán agus Monica Fitzgerald, Rimach Engineering Ltd i 2010, agus sainfheidhmíonn sé i ndearadh agus i dtáirgiú táirgí nuálacha agra-innealra. Tá taithí breis agus 20 bliain ag Seán i dtionscal na talmhaíochta, agus taithí breis agus 15 bliain ag Monica mar Riarthóir Cuntas. Déanann Rimach dhá phríomhtháirge, caidéal sciodair agus Ceap Gearrthóra / Alpaire Fiair mór. Dearadh an Ceap Gearrthóra don mhargadh easportála go háirithe. Tá an Ceap Gearrthóra ar an gceann is láidre ar an margadh, agus tá córas uathúil lainne boltáilte aige agus gnéithe buanghéire, mar aon le géaga hiodrálacha, beanna agus plátaí feiste. Ghnóthaigh Seán agus Monica an-spéis ina dtáirgí ó mhargaí Lochlannacha ach go háirithe, tar éis dóibh freastal ar thaispeántais Trádála sa Danmhairg agus sa tSualann. Fuair Seán agus Monica Deontas Príomeála ón BFC chun cuid dá gcostais tionscnaimh a íoc agus tá 7 fostaí acu faoi láthair.



## Turais Rothaíochta Chill Chainnigh

Bhunaigh Jason Morrissey Turais Rothaíochta Chill Chainnigh i Meitheamh 2010, tar éis dó bheith ag obair mar leictreoir cáilithe ar feadh roinnt blianta. Nuair a tháinig maolú ar earnáil na tógála, thuig Jason go gcaithfeadh sé fostaíocht eile a fhoinsiú. Chinn sé díriú ar dheis gnó a shainaithint a bheadh díorthaithe as acmhainn turasóireachta Chill Chainnigh. Tá taiscí saibhre oidhreachta agus seandalaíochta ag an gCathair, a bhain an teideal príomhchathair meánaoise na hÉireann amach di, agus meallann sí níos mó ná 200,000 cuairteoir gach bliain. Tar éis taighde mhargaidh a dhéanamh, chonaic Jason bearna sa turasóireacht a thabharfadh slí spraíúil sláintiúil do chéatadán de thurasóirí níos mó a fheiceáil de shuíomhanna stairiúla Chill Chainnigh, agus bhunaigh sé a ghnó, dá réir, ar sheirbhís turas rothaíochta faoi threoir a sholáthar. Tugann Turais Rothaíochta Chill Chainnigh deis do thurasóirí cuairt a thabhairt ar go leor suíomhanna stairiúla agus cultúrtha i gCathair Chill Chainnigh agus sa timpeallacht. Reáchtálann Jason na turais rothaíochta é féin agus seachadann sé na rothair chuig cóiríocht na gcustaiméirí. Tairgeann sé dhá thuras rothaíochta sa lá le linn an bhuaicshéasúir, agus tá na turais anois ar na nithe is taitneamhaí atá le déanamh i gCill Chainnigh. Trína cur chuige onnghníomhach i leith na margaíochta, tá súil ag Jason an gnó a mhéadú diaidh ar ndiaidh. Turasóirí idirnáisiúnta atá i mbunús na gcustaiméirí, cé go gcothaíonn sé spéis, freisin, i measc daoine áitiúla na hÉireann agus Chill Chainnigh nach raibh deis cheana acu an Chathair a fheiceáil ar an mbealach seo. Fuair Jason tacaíocht ón BFC i bhfoirm Deontais Phríméala chun a ghnó a bhunú.




## Bluebird Home Care Services

Thosaigh Bluebird Home Care Services sa RA agus tá breis agus 100 oifig saincheadúnais aige anois sa Bhreatain agus in Éirinn. Tá Brian Egan ina úinéir ar shaincheadúnas a chlúdaíonn réigiúin Chill Chainnigh, Phort Láirge agus Cheatharlach, agus feidhmíonn sé as Cathair Chill Chainnigh. Gnó fáis é Cúram Baile agus tiocfaidh méadú air sna blianta atá romhainn, de réir mar a thiocfaidh ardú ar aois an daonra agus ar chostas cúram baile. Is earnáil í, áfach, a bhí thíos le droch-chaighdeáin agus droch-rialú ar na malla. Rialaíonn an Care Quality Comission an Bluebird Care sa RA, agus feidhmíonn gach saincheadúnas in Éirinn, freisin, chun na dianchaighdeáin chéanna. Bíonn ar cúramóirí uile Bluebird, mar sin, dul faoi phróiseas cuimsitheach scagtha lena n-áirítear grinnscrúdúchán an Gharda, sula n-oiltear iad go hardchaighdeán. Soláthraíonn an chuideachta sainoiliúint, athscileáil agus cúrsaí athnuachana i ngach gné cúraim do chúramóirí, ar bhonn leanúnach. Clúdaíonn na modúil oiliúna réimsí mar, Láimhsiú Sábháilte, Aistriú Othair, Néaltrú agus Galar Alzheimer, Galar Parkinson, Feasacht ar Mhíchumas agus maoirseoireacht chliniciúil intí. Tá Bluebird Care ina bhall den Chumann Cúram Baile a sheasann do sholáthróirí gairmiúla Cúram Baile in Éirinn. Fógraíodh ar na malla gurb é Bluebird Care an soláthróir Cúram Baile roghnaithe do Chúram Baile an VHI in Éirinn. Tá 3 ball foirne lánaimseartha fostaithe ag Bluebird Care ina lárionad riaracháin, chomh maith le foireann 20+, agus ag méadú, de chúramóirí gairmiúla. Fuair Bluebird Deontas Príméala ón BFC chun cabhrú leo a gcostais tionscnaimh a íoc i 2010.

## BEART 2: Forbairt Fiontraíochta & Inniúlachta

### Achoimre

Is é an Bord an céadphointe teagmhála ag gnóthais bheaga i gContae Chill Chainnigh, agus soláthraíonn sé réimse tacaí eolais, comhairle, oiliúint meantóireachta agus forbairt bainistíochta do chliaint, chomh maith le seirbhís atreoraithe gnó. Chaith an Bord €239,156 in iomlán ar imeachtaí faoi Bheart 2, i 2010. B'ionann seo agus laghdú de circa 27% ar an gcaiteachas i 2009, atá dáileadh laghdaithe buiséid Bheart 2 a fuarthas ón Roinn Fiontair, Trádála agus Nuálaíochta i 2010.

### Cláir Oiliúna Fiontraíochta & Forbartha Bainistíochta

D'eagraigh agus sheachaidh an Bord 46 Seimineár, Ceardlann, Cláir Oiliúna Fiontraíochta & Forbartha Bainistíochta le linn 2010, agus chríochnaigh 505 duine iad. Bhí an líon a chríochnaigh na cláir rud beag faoi 10% den tréchur i 2009 (ag 560). Maidir le seo, rinneadh athbhreithniú i 2010 ar thacaí Bheart 2 lena chinntiú go bhfuil siad fós ábhartha agus freagrach do riachtanais na gcliant. Chuimsigh sin roinnt ceardlann le foireann BFC, teagascóirí, cliaint agus páirtithe leasmhara eile, agus úsáidfear an t-aiseolas chun Cláir Bheart 2 an Bhoird a fhorbairt agus a chur chun cinn i 2011. Bhí na Cláir a reáchtáladh i 2010 i réimse ó 'Tosaigh do Ghnó Féin' (TDGF) go 'Oiliúint Airgeadais' agus 'Díolachán & Margaíocht'. Bhí Clár amháin breise TDGF á reáchtáil le linn na bliana i gcomparáid le 2009, agus bhí spéis agus glacadh ar leith le hoiliúint in úsáid na meáin sóisialta agus an idirlín chun táirgí agus seirbhísí gnó a chur chun cinn. Tugann Tábla 2 thíos miondealú achomair ar na cláir oiliúna fiontraíochta agus forbartha bainistíochta a seachadadh i 2010.

**Tábla 2: Achoimre ar Oiliúint Fiontraíochta & Forbairt Bainistíochta, 2010**

| Clár | Líon a Chríochnaigh |
|---|---:|
| TDGF | 87 |
| Oiliúint Airgeadais | 112 |
| Díolachán & Margaíocht | 125 |
| TFC & Suíomh Gréasáin | 63 |
| Forbairt Bainistíochta | 18 |
| Oiliúint Gnó Eile | 100 |
| **Iomlán** | **505** |

### Damhachtainí Fiontair na Scoláirí

Lean an Bord dá chonradh le hOibrí Tionscadail darb ainm Ms. Bernie McCoy chun comhordú na gcomórtas Dámhachtainí Fiontraíochta do Scoláirí (DFS) i scoileanna dara leibhéal a chur chun cinn agus a mhaoirsiú, agus chun uas-rannpháirtíocht iontu a chinntiú. Tugann comórtas DFS eolas agus taithí phraiticiúil do scoláirí dara leibhéal ar an dóigh ceart le gnó a reáchtáil, lena n-áirítear: smaoineamh gnó a aimsiú; taighde margaidh a dhéanamh; plean gnó a ullmhú; na táirgí nó seirbhísí a dhíol; an gnó a stiúradh; cuíleabhair chuntais a choinneáil; agus fós bheith ag súil go gcothófar roinnt airgid agus spraoi lena linn. Ghlac breis agus 400 scoláire ó 12 scoil dara leibhéal ar fud an Chontae páirt sna DFS i 2010. Bíonn ról tábhachtach ag an gcomórtas DFS le daoine óga a nochtadh do spiorad na fionntraíochta.



Winners of SEA's County Final Senior Category: Conor Evans and Mihails Nikandrovs of St. Kieran's College (Company name: T-Ties), with Niall Connolly (teacher at St. Kieran's College), Cllr. Martin Brett (Mayor), and Sean McKeown, CEO of KCEB

### Lá Fiontraíochta

Bhí Lá Fiontraíochta ag an mBord ar an 27ú Bealtaine, 2010, le linn Seachtain SME na hEorpa, chun feasacht a chothú ar thábhacht na tionscnóireachta agus, freisin, chun na príomhfhadhbanna a bhaineann le gnóthais bheaga a aibhsiú. Ar na hábhair a clúdaíodh le linn na hócáide bhí 'Do Bhealach a Bhainistiú as Cúlú Eacnamaíochta' agus 'Campa Aclaíochta Tionscnaimh' do dhaoine atá ag smaoineamh ar fhéinfhostaíocht nó ar thosú gnóthais. D'fhreastail 120 duine in iomlán ar na himeachtaí éagsúla le linn an lae agus, i gcoitinne, d'éirigh thar barr leis an ócáid.

### Comhdháil Mhná Gnó an Oirdheiscirt

Reáchtáil an Bord, i gcomhar le BFC eile i réigiún an oirdheiscirt, 'Comhdháil Mhná Gnó an Oirdheiscirt' eile i 2010 a bhí an-rathúil. Reáchtáladh an chomhdháil i mbliana ar an 16ú agus 17ú Meán Fómhair i bPort Láirge, agus ba é teideal cuí na comhdhála: 'is gá leanúint leis an seó'. Ar na cainteoirí bhí Seán Gallagher de cháil Dragon's Den, agus bhí níos mó ná 170 úinéir gnó mná i láthair ag an gComhdháil.

### Meantóireacht & Saintacaí

<u>Seirbhís Meantóireachta</u>: Tá sé de chuspóir ag seirbhí meantóireachta an Bhoird comhlánú a dhéanamh ar na tacaí oiliúna fiontraíochta agus forbairt bainistíochta a thairgeann sé. Tá an paineal meantóirí comhdhéanta de chomhairleoirí gnó taithíocha ó raon leathan disciplíní bainistíochta. Is é an ról atá acu, feidhmiú mar 'bhonn braite' rúnda, trí éisteacht, chomhairliú agus réitigh a mholadh ar fhadhbanna a tharla do úinéirí-bainisteoirí na ngnóthas beag. D'fhan an t-éileamh ar thacaíocht meantóireachta le linn na bliana ag an ardleibhéal a bhí ann  i 2009, de réir mar a tháinig méadú leanúnach ar an líon gnóthas a bhí ag streachailt chun bheith beo san aeráid reatha. Bhain beagnach 400 cliant leas as an tacaíocht meantóireachta i 2010, agus bhain an cúnamh a bhítheas á lorg le deacrachtaí i réimse an airgeadais, an díolacháin agus na margaíochta ach go háirithe.

<u>Scéim Saintacaíochta</u>: Bunaíodh an Scéim Saintacaíochta i 2001 chun saintacaíocht a sholáthar le haghaidh riachtanais oiliúna agus forbartha na gcliant. Cuireann an Scéim ar chumas an Bhoird cineálacha tacaíochta saincheaptha a thairiscint do mhionghnóthaí ar leith. Ar na gnáthchineálacha cúnaimh theicniúil bíonn tacaíocht sainoiliúna do tháirgeoirí beaga chun freastal ar, nó a gcuid earraí agus seirbhísí a thaispeáint ag, aonaigh trádála, d'fhonn iad a mhargú lasmuigh den tír.  Tá fonn ar leith ar an mBord tacú le taighde agus le rochtain cliant ar mhargaí easportála dá dtáirgí agus dá seirbhísí. Fuair 26 gnó in iomlán tacaíocht faoin Scéim Saintacaíochta i 2010 (Tábla 3).

**Tábla 3: Saintacaí a Faomhadh, 2010**

| Scéim | Líon na ngnóthaí a bhain leas as an Scéim |
|---|---|
| Painéal Mionmheantóra | 393 |
| Scéim Saintacaíochta | 26 |
| **Iomlán** | **419** |

### Dámhachtainí Náisiúnta Fiontraíochta

Déanann gréasán de 35 Bord Fiontar Cathrach agus Contae (BFC) urraíocht ar na Dámhachtainí Náisiúnta Fiontraíochta. Tá na Dámhachtainí teoranta do chliaint na BFC agus é mar aidhm acu próifíl na micrifhiontar a ardú ag an leibhéal áitiúil agus náisiúnta, ach go háirithe. D'ainmnigh BFC Chill Chainnigh Eilis agus Sarah Gough ó Mileeven Fine Foods Ltd. mar ionadaithe an Chontae ag na Dámhachtainí in 2010, agus chuir an painéal measúnachta ar ghearrliosta iad, mar cheann den 6 iomaitheoir i mBabhta Ceannais na nDámhachtainí Fiontraíochta Náisiúnta, a reáchtáladh i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i Samhain 2010.




**Eilis & Sarah Gough of Mileeven Fine Foods Ltd. represented Kilkenny in the final of the National Enterprise Awards 2010**

# Riarachán

## Achoimre

Chaith an Bord €325,130 in iomlán ar Riarachán i 2010, rud ab ionann agus laghdú de circa 14% ar an gcaiteachas a tabhaíodh i 2009. Rinneadh an choigilt go háirithe sna réimsí forchostais seo: Tuarastail, a laghdaíodh de circa 17% i gcomparáid leis an mbliain roimhe; Costais Taistil, a laghdaíodh de circa 9%; agus Costais Oifige, a laghdaíodh de circa 24%.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Tá dea-bhail fhostaithe an Bhoird á cosaint de réir riachtanais an Achta um Shábháilteachta, Sláinte & Leas ag an Obair 2005.

## ISO 9001:2000

Leanann Bord Fiontair Contae Chill Chainnigh ag obair de réir an chaighdeáin ISO 9001:2000. Rinneadh iniúchtaí i rith na bliana agus measadh na córais a bhí i bhfeidhm ag an mBord a bheith sásúil.

## Iniúchóir Inmheánach

D'athcheap an Bord Mr. Michael Shortall mar Iniúchóir Inmheánach le linn 2010, chun feidhmeanna iniúchta inmheánaigh a chomhlíonadh don chomhlacht. D'athbhreithnigh coiste iniúchóireachta inmheánaigh an Bhoird leorgacht na rialuithe inmheánacha chun rioscaí gnó a mhaolú, agus i gcomhar leis an iniúchóir inmheánach, rinne siad athbhreithniú ar Chlárlann Rioscaí an Bhoird i 2010.

## An Bord Stiúrthóirí

Fónann Stiúrthóirí an Bhoird go lándeonach, gan aon luach saothair agus / nó costais taistil a fháil ón mBord chun freastal ar chruinnithe. Ba 10-niúr an meánlíon freastail ar Chruinnithe Boird le linn na bliana. Tá ainmneacha na ndaoine a bhí ina Stiúrthóirí sa tréimhse ó 1ú Eanáir, 2010 go 31ú Nollaig, 2010 agus a dtaifead freastail le linn na bliana á lua anseo thíos:

Mr. Joe Crockett (3 as 7 cruinniú); An Clr. Martin Brett (4 as 7 cruinniú); An Clr. Tom Maher (7 as 7 cruinniú); An Clr. Andrew McGuinness (5 as 7 cruinniú); An Clr. Ann Phelan (7 as 7 cruinniú); Mr. Declan Rice (6 as 7 cruinniú); Ms. Alison Mc Grath (3 as 7 cruinniú); Ms. Yvonne Moriarty (5 as 7 cruinniú); Mr. Phil Funchion (6 as 7 cruinniú); Mr. Declan Murphy (0 as 1 cruinniú); Ms. Trish Finegan (4 as 7 cruinniú); Ms. Kathleen Moran (6 as 7 cruinniú); Ms. Margaret Lovatt (3 as 7 cruinniú); Mr. Martin Doyle (2 as 7 cruinniú); agus Mr. James Healy (6 as 7 cruinniú).

**D'éirigh na Stiúrthóirí seo a leanas as oifig i rith na bliana:**
Mr. Denis Drennan (1ú Eanáir, 2010)
Mr. Declan Murphy (12ú Aibreán, 2010).

**Ceapadh / athcheapadh na Stiúrthóirí seo a leanas:**

Mr. James Healy (1ú Eanáir, 2010).
Mr. Joe Crockett (5ú Iúil, 2010).
Ms. Alison McGrath (20ú Nollaig, 2010).

Bhí folúntas amháin ar an mBord ag deireadh na bliana a d'éirigh as ainmniúcháin Chatagóir 8.

## Stiúrthóirí a d'fhóin sa Chathaoir

D'fhóin na Stiúrthóirí seo a leanas sa Chathaoir le linn 2009:
Mr. Joe Crockett (3 cruinniú) agus Mr. Declan Rice (4 cruinniú).

**Torthaí**

Luaitear sonraí na dtorthaí don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2010 sna ráitis airgeadais leis seo agus sna nótaí a ghabhann leo.

**Imeachtaí tar éis ullmhú an Chláir Chomhardaithe**

Níor tharla aon imeachtaí tábhachtacha ó dheireadh na bliana airgeadais a raibh nó a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar oibríochtaí na cuideachta, ar thorthaí na n-oibríochtaí sin nó ar staid na cuideachta sna blianta airgeadais tar éis na bliana airgeadais dár chríoch 31ú Nollaig 2010.

# Cairt chliaint

**Réamhrá:**

Comhlíonann Bord Fiontair Contae Chill Chainnigh na dualgais agus feidhmeanna a thiomnaigh an tAire Post, Fiontair agus Nuálaíochta dó a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtach gairmiúil de réir an Chomhaontaithe a síníodh idir Bord Fiontair an Chontae agus an tAire Post, Fiontair agus Nuálaíochta. . Feidhmíonn Bord Fiontair an Chontae faoi réir an "Chóid Cleachtais do Rialú Comhlachtaí Stáit" a chinntíonn go bhfaigheann custaiméirí an BFC agus an pobal i gcoitinne seirbhís sármhaith, go ndéantar cinntí ar bhonn cothrom neamhchlaonta, go gcloíonn foireann an BFC leis na caighdeáin eitice is airde agus go gcinntítear nach lagóidh aon ghníomhartha de chuid fhoireann an BFC muinín an phobail in ionracas an BFC. Feidhmíonn an Cód seo i gcás Stiúrthóirí an Bhoird, bhaill an Choiste Mheasúnaithe agus fhostaithe an Bhoird. Nuair a phléann tú leis an mBord, déanann an fhoireann iarracht a chinntiú go gcuirtear ar láneolas thú faoi na seirbhísí agus tacaí uile atá ann agus go n-éascaítear duit rochtain chuí ar na seirbhísí agus na tacaí seo.

**Cúirtéis agus Cuidiúlacht:**

Is féidir a bheith ag súil, i gcás gach teagmháil agus plé le Bord Fiontair an Chontae:

- go bpléifidh an fhoireann leat i gcónaí ar bhealach cúirtéiseach cuidiúil;
- go dtabharfar duit ainm an bhaill foirne a bheidh ag plé leat;
- go stiúrófar thú chuig an mball foirne cuí a bheidh ag plé le d'fhiosrú.

**Faisnéis:**

Is féidir a bheith ag súil, i gcás gach teagmháil agus plé a bheidh agat le Bord Fiontair an Chontae:

- go dtabharfar faisnéis iomlán cruinn duit i gcaint shimplí faoi gach fiosrú a dhéanfaidh tú.

**Éifeachtacht:**

Is féidir a bheith ag súil, i gcás gach teagmháil agus plé a bheidh agat le Bord Fiontair an Chontae:

- go bpléifear le d'fhiosrú ar bhealach ghasta éifeachtach, fad a aithneofar gur gá aon chostas riachtanach ort a choinneáil ag íosmhéid.

**Príobháideacht agus Rúndacht:**

Is féidir a bheith ag súil, i gcás gach teagmháil agus plé a bheidh agat le Bord Fiontair an Chontae:

- go bpléifear faoi lánrún le gach faisnéis, idir pearsanta agus gnó, a sholáthróidh tú.

**Sásamh:**

Is féidir a bheith ag súil, i gcás gach teagmháil agus plé a bheidh agat le Bord Fiontair an Chontae, go bpléifear le haon ghearán dlisteanach maidir le

(a) riarachán míchuí na bhfeidhmeanna a tiomnaíodh don Bhord seo; nó

(b) an bealach inar próiseáladh an fiosrú, go gasta báúil agus de réir Ghnáthamh Cúraim Chliaint agus Gearán an Bhoird. Tá na gnáthaimh seo ann gan dochar do ghnáthchearta dlí an duine nó d'aon chóras athbhreithnithe neamhspleách a chuirfí ar bun.

Tá Gnáthamh Chúraim Chliaint agus Gearán (ar féidir cóip de a fháil ar iarraidh) á fheidhmiú ag Bord Fiontair Contae Chill Chainnigh. Níor éirigh aon saincheisteanna nó bhearta le linn 2010 a d'éiligh go ndéanfaí an Gnáthamh a ghairm.

# Ráitis faoi Dhualgais Stiúrthóirí

Éilíonn an dlí go n-ullmhódh na stiúrthóirí ráitis airgeadais, do gach bliain airgeadais, a thabharfaidh léargas fíor cothrom ar staid na cuideachta agus ar an ioncam agus caiteachas don bhliain sin. Agus iad ag ullmhú na ráitis airgeadais sin is gá do na stiúrthóirí:

- beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus a fheidhmiú go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bheidh réasúnta agus stuama;
- na ráitis a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, mura bhfuil an bonn sin míchuí;
- nuair a bhíonn caighdeán cuntasaíochta infheidhmithe á leanúint, é sin a lua, faoi réir aon athruithe ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna Ráitis Airgeadais.

Tá na stiúrthóirí freagrach as cuíleabhair chuntais a choinneáil, ina nochtar go réasúnta cruinn am ar bith staid airgeadais na cuideachta, agus as a chinntiú go bhfuil siad de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2009. Tá siad freagrach, freisin, as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh, dá réir, chun calaois agus mírialtachtaí eile a bhrath.

**Leabhair Chuntais**

Lena chinntiú go gcoinnítear na leabhair agus taifid chuí de réir Mír 202 d'Acht na gCuideachtaí 2009, d'fhostaigh an Chuideachta seirbhísí comhlacht cuntasóirí cáilithe agus choinnigh sí cuíchórais chuntasaíochta. Tá na Leabhair Chuntais lonnaithe in Oifig Chláraithe na Cuideachta.

**Iniúchóirí**

Tá an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste freagrach as an mBord a iniúchadh de réir Mhír 5 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

**Mr. Joe Crockett**
Cathaoirleach

**Mr. Declan Rice**
Stiúrthóir

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
# Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais Bord Fiontair Contae Chill Chainnigh

Tá ráitis airgeadais Bhord Fiontair Contae Chill Chainnigh don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2010 iniúchta agam faoi Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Tá na ráitis airgeadais a ullmhaíodh, maidir leis na beartais cuntasaíochta atá leagtha síos ann, comhdhéanta den Ráiteas faoi Bheartais Cuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na nótaí bainteacha. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a feidhmíodh agus iad á n-ullmhú, an dlí infheidhmithe agus an Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil gnáthghlacadh leis in Éirinn.

### Dualgais na Stiúrthóirí

Tá na Stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léiriú soiléir cothrom ar staid chursaí na cuideachta, a ioncam agus caiteachas, agus as rialtacht a idirbhearta a chinntiú.

### Dualgais an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá an fhreagracht ormsa na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú orthu de réir an dlí infheidhmithe.

Déanaim an iniúchóireacht trí thagairt a dhéanamh do na sainchursaí a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú.

Déanaim an iniúchóireacht de réir na gCaighdeán Idirnaisiúnta Iniúchóireachta (an RA agus Éire), agus ag comhlíonadh Chaighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí an Bhoird Cleachtas Iniúchóireachta.

### Scóip Iniúchóireacht na Ráiteas Airgeadais

Cuimsíonn iniúchadh, teacht ar fhianaise maidir leis na suimeanna agus nochtaí sna ráitis airgeadais ar leor í chun ráthaíocht réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráitis ábhartha de dhroim calaoise nó earráide. Cuimsíonn seo measúnú

- an raibh na beartais cuntasaíochta cuí ó thaobh chúinsí na cuideachta, agus ar feidhmíodh go comhsheasmhach agus ar leornochtadh iad
- ar réasúntacht na mórmheastachán cuntasaíochta a rinneadh fad a bhí na ráitis airgeadais á nullmhú, agus
- ar léiriú foriomlán na ráiteas airgeadais.

Lorgaím, freisin, fianaise maidir le rialtacht na n-idirbhearta airgeadais, le linn na hiniúchóireachta

Gan mo thuairim a mhaolú, dírím aird ar an mBeartas Cuntasaíochta i leith pinsean, mar a mhínítear an chúis nár forfheidhmíodh Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais a 17.

### Tuairim maidir leis na Ráitis Airgeadais

I mo thuairimse

- tugann na ráitis airgeadais dearcadh fíor cothrom maidir le staid chursaí na cuideachta ag 31 Nollaig 2010 agus a ioncam agus caiteachas don bhliain dár chríoch sin; agus
- ullmhaíodh na ráitis airgeadais mar is cuí de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2009.

Fuair mé gach faisnéis agus míniú a mheas me a bheith riachtanach chun críche na hiniúchóireachta. Is í mo thuairim, gur choinnigh an chuideachta cuíleabhair cuntais. Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair cuntais.

I mo thuairim, tá an fhaisnéis a thugtar i dTuairisc na Stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais.


# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
# Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais Bord Fiontair Contae Chill Chainnigh (Ar leanúint)

**Cursaí a Thuairiscím trí Eisceacht**

Tuairiscím trí eisceacht

- má thug mo iniúchadh faoi deara aon ásc ábhartha nuair nár úsáideadh airgid chun na gcríocha beartaithe nó nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás a rialaíonn iad, nó
- munar léirigh an Ráiteas um Rialú Inmheánach Airgeadais gur chomhlíon an chuideachta an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- má fhaighim amach go bhfuil cursaí ábhartha eile ann a bhaineann leis an dóigh inar feidhmíodh gnóthaí poiblí.

Níl ní ar bith le tuairisciú agam i dtaobh na gcursaí sin a bhfuil tuairisciú orthu trí eisceacht.



**Andrew Harkness**

Le haghaidh agus thar ceann an
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

16 Meitheamh 2011.

# Ráiteas faoi Rialúcháin Airgeadais Inmheánaigh

Thar ceann an Bhoird Stiúrthóirí de Bhord Fiontair Contae Chill Chainnigh admhaím an dualgas atá orainn a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á choinneáil agus á fheidhmiú.

Ní thig leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, seachas dearbhú iomlán, a thabhairt go bhfuil na sócmhainní á gcosaint, idirbhearta á n-údarú agus á gcuíchlárú, agus go gcosctar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha, nó go mbraifí iad go tráthúil.

**Príomhghnáthaimh Rialúcháin**

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat d'fhaisnéis rialta bainistíochta, de ghnáthaimh riaracháin, lena n-áirítear scaradh dualgas, agus de chóras tarmligin agus cuntasachta. Folaíonn sé, go háirithe:

- córas buiséadaithe cuimsitheach, ina bhfuil buiséad bliantúil a chomhaontaíonn an Bord Stiúrthóirí;
- athbhreithnithe rialta an Bhoird Stiúrthóirí ar thuairiscí tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn an fheidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí;
- spriocanna a leagadh síos chun an fheidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- treoirlínte rialaithe d'infheistíocht chaipitiúil atá léirshainithe;
- athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag an Iniúchóir Inmheánach agus ag an gCoiste Iniúchóireachta Inmheánaigh.

Tá gnáthaimh ceaptha ag an mBord, freisin, chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas, trí:

(i.) nádúr, méid agus impleacht airgeadais na rioscaí atá roimh an gcomhlacht a shainaithint, mar aon lena méid agus na catagóirí a mheasann sé a bheith inghlactha;

(ii.) an dóchúlacht go dtarlóidh rioscaí sainaithinte a mheas;

(iii.) cumas an chomhlachta a mheas chun rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú; agus

(iv.) an costas maidir le feidhmiú sainrialuithe a mheas i gcoibhneas leis an tairbhe a bhaintear astu.


Tá seirbhísí Iniúchóra Inmheánaigh fostaithe ag Bord Fiontair Contae Chill Chainnigh chun seirbhísí iniúchóireachta inmheánaigh a sholáthar. Bíonn obair an iniúchta inmheánaigh bunaithe ar anailís faoin riosca atá roimh an gcomhlacht, agus bunaítear na pleananna bliantúla don iniúchadh inmheánach ar an anailís seo. Faomhann an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaigh agus an Bord Stiúrthóirí an anailís riosca agus na pleananna don iniúchadh inmheánach. Uair sa bhliain, ar a laghad, cuireann an tIniúchóir Rialaithe Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaigh tuairisc faoi imeachtaí an iniúchta inmheánaigh ar fáil don Bhord. Folaíonn an tuairisc seo tuairim an Iniúchóra Inmheánaigh ar shásúlacht agus ar éifeacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais, bunaithe ar obair an Choiste Iniúchóireachta Inmheánaigh, an Iniúchóra Inmheánaigh, na bhfeidhmeannach i mBord Fiontair Contae Chill Chainnigh atá freagrach as forbairt agus coinneáil chreat rialaithe an airgeadais, agus ar ráitis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bainistíochta nó i dtuairiscí eile uaidh.

**Athbhreithniú Bliantúil Rialuithe**

Dearbhaím gur athbhreithnigh an Bord, don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2010, éifeacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Sínithe thar ceann an Bhoird:



**Joe Crockett**
Cathaoirleach
Dátaithe:

# Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta

**1. Bonn Cuntasaíochta**

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais, lasmuigh den mhéid a luaitear thíos, faoi mhodh na bhfabhruithe cuntasaíochta agus de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil gnáthghlacadh leo faoi choinbhinsiún na gcostas stairiúil. Glactar leis na Caighdeáin Tuairiscthe Airgeadais a mholann na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta, de réir mar a thagann siad i bhfeidhm.

**2. Sócmhainní Seasta agus Dímheas**

Luaitear na sócmhainní seasta ag a gcostas nó luacháil stairiúil lúide dímheas carntha. Cuirtear dímheas mar mhuirear ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais, ar bhonn líne dírí, ag na rátaí thíosluaite, d'fhonn na sócmhainní a dhíscríobh, agus iad ceartaithe go dtí a luach iarmharach measta, thar a saol ionchasach úsáide.

| | |
|---|---|
| Troscán | 12 1/2 % |
| Trealamh Oifige | 20% |
| Trealamh Ríomhaireachta | 33 1/3 % |

**3. Deontais Oireachtais**

Déantar na Deontais Oireachtais a chuntas ar bhonn fabhruithe. Soláthraíonn Fiontraíocht Éireann Deontais Oireachtais thar ceann an Aire Fiontair, Trádála agus Nuálaíochta.

**4. Deontais Iníoctha**

Fabhraítear na deontais sna ráitis airgeadais, nuair a chomhlíonann na faighteoirí deontas na coinníollacha a leagtar síos dóibh.

**5. Cuntas Caipitiúil**

Léiríonn an Cuntas Caipitiúil luach neamh-amúchta an ioncaim a úsáideadh chun críocha caipitiúla.

**6. Ioncam Iarchurtha**

Aithnítear mar ioncam aisíoc an chúnaimh in-aisíoctha nuair a fheidhmítear é mar chúnamh airgeadais do fhiontair eile. Is ionann ioncam iarchurtha agus cúnamh in-aisíoctha atá faighte ó fhiontair chuidithe ach nach bhfuil feidhmithe go fóill.

**7. Aoisliúntais agus FRS17:Pinsin**

Forálann Alt 10(4)(g) den Acht um Fhorbairt Tionscail 1995 go bhféadfaidh Boird Fiontair Contae cibé pearsanra (lena n-áirítear príomhoifigeach feidhmiúcháin) a cheapadh, ar cibé bealach agus cibé téarmaí a bheidh faofa ag an Aire (le cead an Aire Airgeadais) agus a mheasfaidh an Bord a bheith inmhianaithe agus riachtanach lena gcuspóirí a chur chun cinn.

D'fhaomhaigh an tAire Post, Fiontair agus Nuálaíochta, le cead an Aire Airgeadais, tionscnamh na Scéimeanna Aoisliúntais agus na Scéimeanna Aoisliúntais bainteacha do Chéilí agus Leanaí don Bhord. Tionscnaíodh Scéimeanna Aoisliúntais d'fhoireann an Bhoird i 2008 agus, ar feitheamh faofa fhoirmeálta, thug an tAire Post, Fiontair agus Nuálaíochta, le cead an Aire Airgeadais, údarás don Bhord na scéimeanna a fheidhmiú, bunaithe ar an Scéim Eiseamlárach Aoisliúntais do Státseirbhísigh, ar bhonn reachtúil. Feidhmíonn na scéimeanna ar bhonn "íoctar mar a úsáidtear", rud a chiallaíonn nach réamh-mhaoinítear sochair trí ranníocaíochtaí a dhéanamh le ciste ar leithrigh atá faoi rialú iontaobhaithe.


Cuimsíonn na socruithe go n-íoctar ranníocaíochtaí na bhfostaithe le Fiontar Éireann agus leis an Roinn Post, Fiontair agus Nuálaíochta, agus go gcuireann an Roinn Post, Fiontair agus Nuálaíochta cistí ar fáil don Bhord trí Fhiontar Éireann chun costas na sochar a ghlanadh de réir mar a éiríonn siad.
Tá an Roinn ag breithniú faoi láthair an féidir na scéimeanna a athstruchtúrú ar bhealach a chorpróidh na Boird Fiontair Contae uile.

Ar feitheamh réiteach na n-éiginnteachtaí seo i dtaobh na scéimeanna dó , níor fhorfheidhmigh an Bord forálacha nochta FRS17 na scéime sochair shainithe.

# Cuntas ioncaim agus caiteachais
# Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010

| | Nótaí | 2010 € | 2009 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais Oireachtais | 1(a) | 758,724 | 904,244 |
| Ranníocaíocht don Fheidhmeannach Forbartha Gnó | | - | 5,339 |
| Aistriú ó ioncam iarchurtha | | 22,610 | 72,750 |
| Ioncam eile | 1(b) | 36,033 | 84,621 |
| | | 817,367 | 1,066,934 |
| Aistriú (chuig) / ón gcuntas caipitil | 10 | (7,503) | 5,546 |
| **Iomlán** | | **809,864** | **1,072,480** |
| | | | |
| **Caiteachas** | | | |
| Cúnamh airgeadais roghnach | 2 | 252,228 | 363,862 |
| Forbairt fiontraíochta agus inniúlachta | 4 | 232,506 | 329,159 |
| Riarachán | 5 | 325,130 | 379,459 |
| **Iomlán** | | **809,864** | **1,072,480** |
| | | | |
| **Farasbarr/(easnamh) don bhliain** | | – | – |


Ní raibh aon ghnóthachain ná caillteanais ag an mBord sa bhliain airgeadais reatha ná sa bhliain airgeadais atá caite, seachas ar déileáladh leo sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Baineann torthaí na bliana le himeachtaí leanúnacha. Is cuid de na ráitis airgeadais seo an ráiteas faoi bheartais chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 15.



**Mr. Joe Crockett**
Cathaoirleach



**Mr. Declan Rice**
Stiúrthóir




**Mr. Sean McKeown**
Príomhfheidhmeannach

# Clár comhardaithe
# Mar a bhí ag 31 Nollaig 2010

| | Nótaí | 2010 € | 2009 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 9 | 13,775 | 6,272 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí | | 37,381 | 26,223 |
| Banc agus airgead tirim | | 290,576 | 228,680 |
| | | 327,957 | 254,903 |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Réamhdheontas ón Oireachtas | | (40,407) | (9,876) |
| Ioncam iarchurtha | | (274,207) | (216,119) |
| Creidiúnaithe agus fabhruithe | | (13,343) | (28,908) |
| | | (327,957) | (254,903) |
| **Glansócmhainní reatha** | | – | – |
| **Glansócmhainní** | | **13,775** | **6,272** |
| Maoinithe ag: | | | |
| Cuntas caipitil | 10 | **13,775** | **6,272** |


Is cuid de na ráitis airgeadais seo an ráiteas faoi bheartais chuntasaíochta agus na nótaí 1 to 15.



**Mr. Joe Crockett**
Cathaoirleach



**Mr. Declan Rice**
Stiúrthóir



**Mr. Sean McKeown**
Príomhfheidhmeannach

# Nótaí leis na ráitis airgeadais

### 1 Maoiniú agus Caiteachas an Bhoird

### (a) Fiontar Áitiúil

Déanan Alt 10(2) den Acht Forbartha Tionsclaíochta, 1995 soláthar le haghaidh íocaíocht deontas don Bhord ag an Aire Post, Fiontair agus Nuálaíochta. Déantar an caiteachas Boird i leith bearta faoin bhfo-chlár Nuála & Geilleagair Eolasbhunaithe ag Clár Oibríochtúil Réigiún an Deiscirt & an Oirthir 2007–2013.

Is iad seo a leanas na bearta:

Beart 1 – Cúnamh Airgeadais Roghnaigh;

Beart 2 – Forbairt Fiontraíochta agus Inniúlachta.

### (b) Ioncam Eile

Tá ioncam eile comhdhéanta den mhéid seo a leanas:

| | € |
|---|---|
| Táillí cúrsa | 33,911 |
| Aisíocaíochtaí ilghnéitheacha | 2,122 |
| | **36,033** |

### 2 Cúnamh airgeadais – deontais

Déanann an Bord tairiscintí de chúnamh deontais agus má ghlactar leo, bíonn siad bailí mar ghealltanais an Bhoird ar feadh tréimhse shonraithe nó sna cúinsí a shonraítear arna bhfaomhadh. Chuir an Roinn Post, Fiontair agus Nuálaíochta maoiniú de €244,658 (2009: €290,525). ar fáil chun cúnamh airgeadais roghnach a íoc i 2010.

Ba iad seo a leanas na gealltanais Boird a bhí amuigh ar an 31 Nollaig 2010:

| | Deontais 2010 € | Cúnamh deontais in-aisíoctha 2010 € | Iomlán € |
|---|---|---|---|
| Gealltanais dheontais ar 1ú Eanair | 115,749 | 118,001 | 233,750 |
| Deontais faofa | 328,701 | 147,570 | 476,271 |
| | 444,450 | 265,571 | 710,021 |
| Deontais dhígheallta | | | |
| – deontais fhaofa 2010 | (83,324) | (31,662) | (114,986) |
| – deontais fhaofa réamh-2010 | (48,876) | (41,376) | (90,252) |
| | 312,250 | 192,533 | 504,783 |
| Caiteachas ar dheontais | (171,965) | (80,263) | (252,228) |
| **Gealltanais dheontais ar an 31ú Nollaig 2010** | **140,285** | **112,270** | **252,555** |

## 2 Cúnamh airgeadais – deontais – ar leanúint

Tá an caiteachas de €252,228 comhdhéanta de dheontais chaipitil €88,866, deontais fostaíochta €53,099, deontais féidearthachta €30,000 agus cúnamh deontais in-aisíoctha €80,263. Maoiníodh an caiteachas seo trí dheontais Bheart 1 de €229,618 agus aistrithe de €22,610 ó ioncam iarchurtha. Rinneadh na gealltanais atá amuigh ar an 31 Nollaig a iontráil mar a leanas:

| | € |
|---|---|
| Roimh 31 Nollaig 2009 | – |
| Tar éis 1 Eanáir 2010 | 252,555 |
| | 255,555 |

| **3a Cúnamh deontais in-aisíoctha** | **2010** € | **2009** € |
|---|---|---|
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | 401,864 | 396,344 |
| Eisithe sa bhliain (féach nóta 2) | 80,263 | 139,889 |
| Aisíoctha sa bhliain | (77,346) | (111,390) |
| Díscríofa sa bhliain | (11,160) | (22,979) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | **393,621** | **401,864** |
| | | |
| Iníoctha laistigh de 12 mhí | 98,238 | 124,211 |
| Iníoctha tar éis 12 mhí | 295,383 | 277,653 |
| | **393,621** | **401,864** |

Ós rud é go bhfuil aisíocaíochtaí ag brath ar fheidhmíocht na bhfiontar seo, ní áirítear an méid amuigh mar fhéichiúnaí ar an gclár comhardaithe. Is ar bhonn airgid thirim a chuirtear na haisíocaíochtaí faighte i gcuntas. Féadfaidh an Bord Fiontair fáltais dá leithéid a úsáid chun deontais bhreise a mhaoiniú. Dhíscríobh an Bord méideanna de €11,160 in iomlán le linn 2010. Bhí an €393,621, a cuireadh ar fáil mar dheontais in-aisíoctha, in-aisíoctha ag 31 Nollaig 2010.

| **3b Athdháileadh fáltas cúnaimh in-aisíoctha** | **2010** € | **2009** € |
|---|---|---|
| Iarmhéid cúnaimh in-aisíoctha ar láimh ag 1 Eanáir | 216,119 | 170,517 |
| Aistriú chuig ioncam chun deontais bhreise a mhaoiniú | (22,610) | (72,750) |
| | 193,509 | 97,767 |
| Fáltais chúnaimh in-aisíoctha: | | |
| Aisíocaíochtaí | 77,346 | 111,390 |
| Ús, glan ar tháillí bainc | 3,352 | 6,962 |
| | 80,698 | 118,352 |
| | | |
| Iarmhéid cúnaimh in-aisíoctha ar láimh ar an 31 Nollaig | **274,207** | **216,119** |

# Nótaí leis na ráitis airgeadais (Ar leanúint)

### 4 Forbairt fiontraíochta agus inniúlachta

Tá forbairt fiontraíochta agus inniúlachta comhdhéanta de na catagóirí seo a leanas:

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Cláir forbartha bainistíochta | 26,125 | 55,209 |
| Oiliúint | 71,571 | 98,512 |
| Meantóireacht | 46,679 | 58,497 |
| Oideachas fiontraíochta | 16,275 | 20,563 |
| Cothú fiontraíochta | 30,856 | 43,672 |
| Eile | 41,000 | 52,706 |
| **Iomlán** | **232,506** | **329,159** |

| **5 Costais riaracháin** | 2010<br>€ | 2009<br>€ |
|---|---|---|
| Tuarastail (féach nóta 7) | 225,900 | 271,887 |
| Costais taistil | 9,175 | 10,121 |
| Cóiríocht | 20,540 | 20,540 |
| Costais oifige | 42,546 | 56,134 |
| Táillí iniúchóireachta | 6,392 | 6,392 |
| Árachas | 5,837 | 6,943 |
| Oiliúint foirne | 1,523 | 1,896 |
| Fograíocht | 194 | – |
| Coiste Deiseanna Seachtracha | 5,066 | – |
| Dímheas | 7,957 | 5,546 |
| | **325,130** | **379,459** |

### 6 Cánachas

Ní dhearnadh aon soláthar do chánachas sna ráitis airgeadais.

### 7 Fostaithe agus luach saothair

Bhí costais iomlána de €250,900 ar luach saothair an Bhoird, agus tá siad curtha mar mhuirear sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais mar a leanas:

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Riarachán | **225,900** | **271,887** |

Ba é 4 (2009: 4) an meánlíon foirne a bhí ann le linn na tréimhse. Fostaítear an fhoireann uile ar bhonn iasachta nó conartha. Is fostaí de chuid Chomhairle Contae Chill Chainnigh duine amháin den fhoireann, atá ar iasacht don Bhord ón gComhairle.

### 8 Pinsin

Aisíoctar le Comhairle Contae Chill Chainnigh tuarastail na foirne atá ar iasacht. Cuimsíonn seo gné phinsin. Maidir le baill eile foirne, tháinig na Scéimeanna Aoisliúntais agus Scéimeanna Aoisliúntais bainteacha do Chéilí agus Leanaí i bhfeidhm in Iúil 2008.

| **9 Sócmhainní seasta** | **Troscán** € | **Trealamh** € | **Trealamh Ríomhaireachta** € | **Iomlán** € |
|---|---|---|---|---|
| **Costas/luacháil** | | | | |
| Iarmhéid ar 1 Eanáir | 45,561 | 44,421 | 52,421 | 142,403 |
| Breiseanna | 3,973 | 527 | 10,960 | 15,460 |
| Iarmhéid ar 31 Nollaig | 49,534 | 44,948 | 63,381 | 157,863 |
| **Dímheas Carntha** | | | | |
| Iarmhéid ar 1 Eanáir | 41,710 | 42,760 | 51,661 | 136,131 |
| Muirear don bhliain | 1,784 | 1,764 | 4,409 | 7,957 |
| Iarmhéid ar 31 Nollaig | 43,494 | 44,524 | 56,070 | 144,088 |
| **Glanluach an leabhair ar 31 Nollaig 2010** | **6,040** | **424** | **7,311** | **13,775** |
| **Glanluach an leabhair ar 31 Nollaig 2009** | **3,851** | **1,661** | **760** | **6,272** |

| **10 Cuntas caipitil** | **2010** € | **2009** € |
|---|---|---|
| Iarmhéid ar 1 Eanáir | 6,272 | 11,818 |
| Aistriú ó / (chuig) an gcuntas ioncaim agus caiteachais:: | | |
| – cistí a dáileadh chun sócmhainní seasta a fháil | 15,460 | – |
| – méid amúchta de réir dhímheas na sócmhainní | (7,957) | (5,546) |
| | 7503 | (5,546) |
| Iarmhéid ar 31 Nollaig | **13,775** | **6,272** |

### 11 Comhaltaí Boird – nochtadh idirbhearta

Ghlac an Bord le nósanna imeachta a bhí de réir treoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh sainleasa ag Comhaltaí Boird, agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana. Ní raibh aon idirbhearta a bhain le gníomhaíochtaí an Bhoird i rith na bliana ar bhain Comhaltaí Boird aon leas buntáistiúil astu.

**12 Táillí Stiúrthóirí agus Tuarastal an PF**

Feidhmíonn an Bord ar bhonn saorálach agus ní dhearnadh aon íocaíochtaí le comhaltaí an Bhoird i 2010. Tá tuarastal de €91,580 ag an PF faoi láthair. Bhí costais ÁSPC Fostóra de €7,518 i gceist i leith an PF. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí bónais leis an PF. Fuair an PF, freisin, méid de €5,320 i leith Taistil agus Liúntas Cothabhála. Is ball de scéim socair shainithe neamhchistithe na hearnála poiblí é an PF, agus ní shíneann a theidlíochtaí pinsin níos sia ná teidlíochtaí caighdeánacha scéim shocair shainithe pinsin na hearnála poiblí.

**13 Gnóthas Leantach**

D'fhógair an tAire Post, Fiontair agus Nuálaíochta i Meitheamh 2010 go bhfuil sé chun moltaí a chur faoi bhráid an Rialtais i dtaobh struchtúr na mBord Fiontair Contae. Ní heol don Bhord go bhfuil sé ar intinn feidhmeanna an Bhoird a leasú, agus toimhdíonn sé go leanfaidh aon chomhlacht comharbais leis na himeachtaí reatha agus go n-aistreofar a shócmhainní, dliteanais agus foireann chuig an gcomhlacht sin. Sna cúinsí sin, ní chreideann sé gur gá leasú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais mar léiriú ar aon athstruchtúrú féideartha agus tá na cuntais ullmhaithe aige ar bhonn gnóthais leantaigh.

**14 Áitreabh an Bhoird**

Tá an Bord lonnaithe in áitreabh ag 42 Sráid na Parlaiminte, Cill Chainnigh faoi chomhaontú foléasa leis Kilkenny County Council. Thosaigh an comhaontú i 1997 agus mairfidh sé ar feadh tréimhse 25 bliain.

**15 Faomhadh na ráiteas airgeadais**

D'fhaomhaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar an 28th Feabhra 2011.

# AGUISÍN 1

### Beart 1: Achoimre na nIonstraimí nua Airgeadais & Critéir Cáilitheachta

Ó 1st Eanáir 2010, thug BFC Chill Chainnigh isteach ionstraimí nua airgeadais a d'fhaomhaigh an Roinn Post, Fiontair agus Nuálaíochta. Is féidir iad seo a choimriú mar a leanas:

- **Deontais Phríomeála** (do ghnóthais atá ag trádáil ar feadh níos lú ná 18 mí) de 50% de na costais infheistíochta cháilithe go €80,000. Beidh deontais thar €80,000 agus go €150,000 eisceachtúil, agus ní fheidhmeofar iad ach i gcás tionscadal a léiríonn cumas grádú go Fiontraíocht Éireann agus / nó easportáil go hidirnáisiúnta;
- **Deontais um Mhéadú Gnó** (do ghnóthais atá ag trádáil ar feadh níos mó ná 18 mí) de 50% de na costais infheistíochta cháilithe go €150,000. Beidh deontais thar €80,000 agus go €150,000 eisceachtúil, agus ní fheidhmeofar iad ach i gcás tionscadal a léiríonn cumas grádú go Fiontraíocht Éireann agus / nó easportáil go hidirnáisiúnta;
- **Deontais Féidearthachta / Nuálaíochta** de 50% de na costais infheistíochta cháilithe go huasmhéid de €20,000.

Tugann BFC Chill Chainnigh tosaíocht do thionscadail cháilithe atá ag iarraidh cúnaimh airgid i réimse na déantúsaíochta agus seirbhísí a trádáiltear go hidirnaisiúnta. Go hidéalach, ní mór do thionscadail a bheith ábalta na critéir cáilitheachta uile a leanas a léiriú:

- inmharthanacht tráchtála, gan ghá le tacaíocht nó le fóirdheontas leanúnach;
- margadh cinnte don táirge nó seirbhís bheartaithe;
- leorairgeadas foriomlán ar fáil chun an tionscadal a mhaoiniú;
- an acmhainn bainistíochta agus teicniúil is gá chun an tionscadal a fhorfheidhmiú;
- géilliúntas do bheartais reatha maidir le cúrsaí cánach agus deimniúcháin;
- is micrifhiontar an tionscadal a fhostaíonn foireann nach mó ná 10-niúr;
- cuireann an tionscadal le luach, tá sé ábhartha don cheantar, agus tugann sé buntáiste eacnamaíochta dó;
- acmhainn ag an tionscadal nuafhostaíocht dhíreach a choinneáil agus / nó a chruthú ar chóimhéid leis an gcúnamh airgid atá á chur ar fáil.

Ní féidir cúnamh airgid a chur ar fáil do thionscadail mura gcomhlíonann siad go substantúil na critéir atá leagtha amch thuas, nó má bhaineann aon chuid den mhéid seo a leanas leo:

- Táirgiú talmhaíochta príomhúla;
- Baineann mórdhíol, miondíol nó seirbhísí iompair leis an tionscadal;
- Is seirbhís ghairmiúil an tionscadal;
- Is gnó tógála an tionscadal;
- An acmhainn a bheith ag an soláthar cúnaimh airgid ón BFC post a dhíláithriú nó iomaíocht éagórach a chothú dá bharr;
- Dúblálann soláthar an chúnaimh airgid tacaíocht atá ar fáil ó chláir atá ann cheana agus / nó ó ghníomhaireacht eile;
- Is féidir an tionscadal a fhorfheidhmiú gan chúnamh airgid ón BFC;
- Níl an togra ag teacht le beartais náisiúnta agus / nó le beartais an AE (e.g. rialacha de minimis).

Ní féidir cúnamh airgid a sholáthar go siarghabhálach.

# AGUISÍN 2

## Measure 1: Details of Projects Approved Financial Assistance in 2010

| Tionscnóir Tionscadail | earnáil | Inscne | Faomhadh Boird | Cineál Deontais | Méid Faofa | Deontas Inaisíoctha | Deontas Neamh-inaisíoctha | Iomlán Íoctha | Méid Dígheallta | Iarmhéid le híoc | Stádas Reatha Tionscadail |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| AA Property Recsue Ltd | Seirbhís áitiúil | Baineann | 22.01.10 | Príomeáil | 13,500 | 4,500 | 9,000 | 0 | 13,500 | 0 | Dígheallta |
| Shane Henderson | ITS | Fireann | 22.02.10 | F/S | 5,000 | 0 | 5,000 | 0 | 5,000 | 0 | Dígheallta |
| Kevin Mc Cartan | ITS | Fireann | 22.02.10 | F/S | 5,000 | 0 | 5,000 | 0 | 5,000 | 0 | Dígheallta |
| Kilkenny Arts Festival | Turasóir. | Fireann/ Bain. | 12.04.10 | BEG | 20,000 | 6,667 | 13,333 | 18,513 | 1,487 | 0 | Páirt-íoctha |
| Eddie O' Dwyer | Déantús. | Fireann | 24.05.10 | F/S | 5,000 | 0 | 5,000 | 5,000 | 0 | 0 | Críochnaithe |
| Paragon Business Systems | ITS | Fireann | 05.07.10 | F/S | 20,000 | 0 | 20,000 | 20,000 | 0 | 0 | Críochnaithe |
| Liam Hennessy | Déantús. | Fireann | 05.07.10 | BEG | 10,000 | 5,000 | 5,000 | 4,400 | 0 | 5,600 | Páirt-íoctha |
| Jason Morrissey | Turasóir. | Fireann | 27.09.10 | Príomeáil | 6,500 | 2,167 | 4,333 | 3,250 | 0 | 3,250 | Páirt-íoctha |
| Des Doyle | Déantús. | Fireann | 27.09.10 | Príomeáil | 10,000 | 3,333 | 6,667 | 0 | 0 | 10,000 | Fós le Tosú |
| Eddie O' Gorman | ITS | Fireann | 05.07.10 | F/S | 5,000 | 0 | 5,000 | 0 | 5,000 | 0 | Dígheallta |
| Kevin Quinn & Richard Moore | ITS | Fireann | 27.09.10 | F/S | 5,000 | 0 | 5,000 | 0 | 5,000 | 0 | Dígheallta |
| Rimach Engineering Ltd. | Déantús. | Fireann/ Bain. | 05.07.10 | Príomeáil | 17,750 | 5917 | 11,833 | 8411 | 0 | 9,339 | Páirt-íoctha |
| Seamus Dowling | Déantús. | Fireann/ Bain. | 08.11.10 | BEG | 7,875 | 3,938 | 3,938 | 0 | 0 | 7,875 | Fós le Tosú |
| Patrick & Siobhan Holden | Déantús. | Fireann/ Bain. | 27.09.10 | Príomeáil | 72,000 | 24,000 | 48,000 | 61,297 | 0 | 10,703 | Páirt-íoctha |
| Brian Egan | Seirbhís áitiúil | Fireann | 27.09.10 | Príomeáil | 43,500 | 14,500 | 29,000 | 10,500 | 0 | 33,000 | Páirt-íoctha |
| Bureauscope Ltd | ITS | Fireann/ Bain. | 08.11.10 | F/S | 5,000 | 0 | 5,000 | 0 | 0 | 5,000 | Fós le Tosú |
| Karen Morgan | Déantús. | Baineann | 24.05.10 | BEG | 19,400 | 9,700 | 9,700 | 0 | 0 | 19,400 | Fós le Tosú |
| Karl Dunny | Déantús. | Fireann | 18.06.10 | Príomeáil | 80,000 | 26,667 | 53,333 | 0 | 80,000 | 0 | Dígheallta |
| BITS South East Ltd | ITS | Fireann | 08.11.10 | F/S | 5,000 | 0 | 5,000 | 1,495 | 3,505 | 0 | Páirt-íoctha |
| Helen Faulkner | Déantús. | Baineann | 20.12.10 | Príomeáil | 5,800 | 1,933 | 3,867 | 2,900 | 0 | 2,900 | Fós le Tosú |
| Gareth O' Hanlon | ITS | Fireann | 20.12.10 | F/S | 4,700 | 0 | 4,700 | 0 | 0 | 4,700 | Fós le Tosú |
| Noel Lawlor t/a Mastercad Ltd | ITS | Fireann | 20.12.10 | BEG | 15,000 | 7,500 | 7,500 | 0 | 0 | 15,000 | Fós le Tosú |
| Janet Beck & Yvonne Cleary t/a Vuvie Media | ITS | Baineann | 20.12.10 | Príomeáil | 43,500 | 14,500 | 29,000 | 0 | 0 | 43,500 | Fós le Tosú |
| Kenny Dalton, Soft Assess | ITS | Fireann | 20.12.10 | Príomeáil | 31,745 | 10,582 | 21,163 | 0 | 0 | 31,745 | Fós le Tosú |
| Pat Mc Carthy, Ballilogue Clochan Ltd | Turasóir. | Fireann | 20.12.10 | Príomeáil | 20,000 | 6,667 | 13,333 | 7,500 | 0 | 12,500 | Páirt-íoctha |
| **TOTALS** | | | | **25** | **476,270** | **147,569** | **328,701** | **143,266** | **118,492** | **214,512** | |

# NÒTAÌ

Bord Fiontar
Contae Chill Chainnigh Teo





